Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2021
(OR. en)

10393/21

ONU 64
CONUN 96
COHOM 104
CFSP/PESC 658
COPS 258
CSDP/PSDC 354
CONOP 33
COTER 90
COAFR 184
DEVGEN 134
SUSTDEV 94
ENV 475
CLIMA 168
COHAFA 61
MIGR 133
CODUN 29
SAN 439
CYBER 197

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10303/21 |
| Ábhar: | Tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 76ú Comhthionól Ginearálta de na Náisiúin Aontaithe, Meán Fómhair 2021 - Meán Fómhair 2022<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Iúil 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2021 - Meán Fómhair 2022, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3807ú cruinniú a reáchtáladh an 12 Iúil 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe,**

**Meán Fómhair 2021 – Meán Fómhair 2022**[1]

1. I saol ilpholach an lae inniu, mar a bhfuil athruithe móra ag teacht ar an gcumhacht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch, is é an t-iltaobhachas fós an modh is éifeachtaí chun an caidreamh domhanda a rialú ar bhealach a bheidh chun tairbhe do chách. Agus na dúshláin dhomhanda ag éirí níos casta i gcónaí tá gá le réitigh iomlánaíocha nach féidir teacht orthu ach trí rialachas iltaobhach éifeachtach agus trí chomhar idirnáisiúnta riailbhunaithe. Caithfidh an t-iltaobhachas a bheith éifeachtach agus cothrom agus torthaí a chur ar fáil a bheidh chun sochair do leasanna agus luachanna an Aontais agus an domhain araon. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach thráthúil ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le rannchuidiú an Aontais le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de leas a bhaint as a gcumhacht chomórtha chun tacú le hiltaobhachas éifeachtach trí ghníomhaithe domhanda a thabhairt le chéile chun teacht ar réitigh dhomhanda chomhchoiteanna agus cuirfidh siad tosaíochtaí agus leasanna straitéiseacha chun cinn go hiltaobhach, i gcomhréir le conclúidí 2019 ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú, chun domhan níos sábháilte agus níos cobhsaí agus téarnamh domhanda inbhuanaithe, cuimsitheach as paindéim COVID-19 a áirithiú.

---

**1** Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'an tAontas' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'an tAontas', 'an tAontas agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

**Náisiúin Aontaithe atá oiriúnach don 21ú haois**

2. Tacaíonn agus tacóidh an tAontas agus a Bhallstáit go diongbháilte leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe leis na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, ord a bheidh fréamhaithe in urramú an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is mór idir an domhan atá anois ann agus an domhan a bhí ann 75 bliana ó shin nuair a bunaíodh na Náisiúin Aontaithe. Le go mbeidh siad fós dlisteanach, ní mór do na Náisiúin Aontaithe a bheith in ann dul i ngleic le dúshláin dhomhanda atá ag éirí níos casta agus freagairt ar na héilimh sin atá ag dul i méid ó shaoránaigh ó thaobh trédhearcachta, cuntasachta, cuimsitheachta agus seachadadh éifeachtach de. Leis an bpróiseas a tionscnaíodh le glacadh an dearbhaithe pholaitiúil ar ócáid an chruinnithe ardleibhéil chun 75 bliana na Náisiún Aontaithe a chomóradh i mí Mheán Fómhair 2020, tá deis ar leith anois ann córas na Náisiún Aontaithe a chlaochlú agus a uasghrádú chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá an tAontas ag tnúth leis an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le conas 'Ár gcomhchlár oibre' a thabhairt ar aghaidh agus tá sé faoi réir chun páirt ghníomhach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus chun feabhas a chur ar an rialachas domhanda.

3. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach athchóirithe na Náisiún Aontaithe, ag obair i gcomhar le chéile i dtreo Náisiúin Aontaithe a bheidh oiriúnach don fheidhm, agus na deiseanna á dtapú againn ag an am céanna agus an eagraíocht á cur in oiriúint do dhúshláin dhomhanda agus do gheopholaitíocht an 21ú haois. Tabharfaimid tacaíocht d'athchóirithe riachtanacha ar chomhlachtaí agus ar orgáin chóras na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an t-athchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí, níos ionadaíche agus níos cuntasaí. Déanfaidh an tAontas a dhícheall freisin ar son mhaoiniú inbhuanaithe agus leordhóthanach na Náisiún Aontaithe agus a sainorduithe, i gcomhréir leis an gComhshocrú Maoiniúcháin, chun go mbeidh siad in ann feidhmiú go héifeachtach.

4. Aithníonn an tAontas an dul chun cinn atá déanta i dtreo 'gníomhú aontaithe' ag Náisiúin Aontaithe atreisithe, a bheidh ag feidhmiú ar bhealach níos comhtháite, níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla agus níos dírithe ar thorthaí agus leanfaidh sé de sin a chur chun cinn, ag tacú le gníomhaireachtaí, cistí agus cláir de chuid na Náisiún Aontaithe chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, lena n-áirítear Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa um Maoiniú Forbraíochta. Mar thosaíocht chomhroinnte, tá an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin ríthábhachtach chun comhordú ghníomhaíochtaí daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána an Aontais agus na Náisiún Aontaithe a neartú, agus chun cur chuige cuimsitheach a áirithiú a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar rioscaí, athléimneacht a fhorbairt, neamhionannais a laghdú agus torthaí inbhuanaithe a bhaint amach ar an talamh do phobail áitiúla.

5. Bainfidh an tAontas lánúsáid as an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – 'An Eoraip Dhomhanda' *chun tacú lena chlár oibre iltaobhach*, *agus* chun cabhrú le hathchóirithe iltaobhacha agus *comhar éifeachtach* a thabhairt chun cinn. Sa phróiseas clársceidealaithe, glacfaidh an tAontas chuige fócas beartas-bhunaithe dírithe ar an méid is féidir leis a dhéanamh i gcomhar lena Bhallstáit agus le tíortha comhpháirtíochta le cur chuige de chineál 'Foireann na hEorpa' ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus iltaobhach, i gcás ar bith inarb iomchuí. Chun éifeachtacht a ghníomhaíochta seachtraí a mhéadú, oibreoidh an tAontas chun an cistiú uaidh ar an gcóras iltaobhach a ailíniú níos dlúithe lena thosaíochtaí comhaontaithe beartais, lena n-áirítear trí chur chuige níos straitéisí maidir le cistiú deonach ardcháilíochta le haghaidh phríomhchistí, phríomhchláir agus phríomhghníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe. Ba cheart feabhas a chur ar infheictheacht agus múscailt feasachta i dtaca le cistiú ón Aontas agus ó na Ballstáit.

**Atógáil ar bhealach níos fearr**

6. Tá paindéim COVID-19 tar éis tionchar tubaisteach a imirt ar dhaoine aonair, ar shochaithe agus ar gheilleagair an domhain agus léirigh an phaindéim cé chomh fite fuaite ina chéile atá na dúshláin dhomhanda. Chun an cath in aghaidh na paindéime a bhuachan ba cheart rochtain a bheith ar vacsaíní agus imdhíonadh atá sábháilte agus éifeachtach, ar sholáthairtí chomh maith le diagnóisic agus cóireáil i ngach cearn den domhan. Ní rás idir tíortha é an próiseas vaicsínithe ach rás in aghaidh an chloig. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ar cheann de na príomh-rannchuiditheoirí leis an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 agus a Shaoráid COVAX agus leanfaidh siad de ról lárnach a imirt chun an fhreagairt iltaobhach a chur chun cinn ar mhaithe le **rochtain shábháilte agus chothrom ar vacsaíní**, tástálacha agus cóireálacha in aghaidh COVID-19 a áirithiú do chách, go háirithe tríd an acmhainneacht monaraíochta vacsaíní dhomhanda a éagsúlú agus trí chomhroinnt vacsaíní agus rochtain orthu a mhéadú, agus trí shásra an Aontais um chomhroinnt vacsaíní freisin, gan aon duine a fhágáil ar lár.

7. Beidh sé fós ina phríomhthosaíocht ag an Aontas na **córais sláinte** agus an **ullmhacht idirnáisiúnta** do phaindéimí a thiocfaidh amach anseo – agus an fhreagairt orthu – **a neartú**, i gcomhréir le cur chuige uile-rialtais, uile-shochaí, 'Aon Sláinte Amháin' i leith ullmhacht agus freagracht i ndáil le paindéimí, agus i gcomhréir le Dearbhú na Róimhe a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda Sláinte. De mheon na dlúthpháirtíochta domhanda, tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta an tsláándáil sláinte dhomhanda a chur chun cinn, agus leanfaidh siad de bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí maidir le hullmhacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) d'éigeandálaí sláinte agus a hacmhainneacht freagairt orthu a neartú agus de bheith ag obair i dtreo conradh idirnáisiúnta maidir le paindéimí faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Ní mór dlús a chur le comhrac na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach ar an leibhéal domhanda agus tacóimid le comhaontuithe domhanda níos láidre maidir le húsáid frithmhiocróbán agus rochtain orthu.

8. De réir mar a thagann an domhan as an ngéarchéim seo, is mór atá le déanamh chun an bhris a thabhairt ar ais: In 2020 chonacthas an chéad chéim siar san fhorbairt dhaonna le 30 bliain anuas. Cuireann an tAontas i dtábhacht go bhfuil géarghá práinneach le h**atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise** agus le réitigh iltaobhacha a chur chun cinn a bheidh dírithe ar dhomhan níos inbhuanaithe, níos cuimsithí, níos córa, níos cothroime agus níos athléimní a thógáil, agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide mar threochlár againn. Saothróidh an tAontas tionscnamh téarnaimh dhomhanda a nascfaidh an infheistíocht agus faoiseamh fiachais leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun conair chlaochlaitheach iar-COVID-19 a chinntiú. Mar phríomhsholáthraí cúnaimh oifigiúil um fhorbairt ar domhan, tá an tAontas agus a Bhallstáit fíorthiomanta tacaíocht a thabhairt do na tíortha comhpháirtíochta agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme. Chuige sin, leanfaimid de Chreataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin a chothú chun an maoiniú a chomhordú agus a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus le spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus feabhas á chur ar thionchar na n-acmhainní uile atá ar fáil agus comhtháthú beartais don fhorbairt inbhuanaithe á chur chun cinn. Ba cheart dúinn úsáid a bhaint as na Deich mBliana Gníomhaíochta chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe faoi 2030, gan aon duine a fhágáil ar lár, á chur i bhfios go láidir ag an am céanna a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe, le hamlíne 2020, nár comhlíonadh, chun a áirithiú go gcloífear le huaillmhian Chlár Oibre 2030 agus chun a iomláine a chosaint. Tá gá ar leith ann go ndíreofaí na hiarrachtaí ar dhul i gcion ar dtús orthusan is faide ar gcúl, arb iad is mó a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu. Is díol sásaimh don Aontas an tionscnamh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun Cruinniú Mullaigh maidir le Córais Bhia a thionól chun gníomhaíochtaí dásachtacha a sheoladh chun na córais bhia a athrú ó bhonn ionas go mbeidh siad níos sábháilte, níos athléimní agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

9. Ní mór go mbeadh téarnamh eacnamaíoch fite fuaite leis an gceartas sóisialta, cosaint shóisialta, cuimsiú agus obair chuibhiúil. Rannchuideoidh an tAontas le cur chun feidhme domhanda Dhearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Todhchaí na hOibre. Leanfaidh an tAontas de ghnóthú éifeachtach na gceart bunúsach ag an obair a chur chun cinn agus tacóidh sé le cosaint shóisialta uilíoch chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar riachtanais daoine atá i staideanna leochaileacha. Caithfidh oideachas ar ardchaighdeán a bheith i gcroílár an téarnaimh, mar phríomhbhealach chun ionchais mhaithe sa saol a thabhairt don ghlúin óg.

10. Is cuid dhílis de chaidreamh an Aontais le comhpháirtithe iad idirphléití cuimsitheacha agus compháirtíochtaí maidir leis an imirce, bunaithe ar ár leasanna faoi seach agus ar chomhthosaíochtaí. Leanfaidh an tAontas dá theagmháil leis na Náisiúin Aontaithe agus le tíortha comhpháirtíochta chun dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda i ndáil leis an méid sin. Tugann an tAontas dá aire an Fóram um Athbhreithniú ar an Imirce Idirnáisiúnta, agus leanfaidh sé d’urramú an dlí idirnáisiúnta maidir le dídeanaithe agus den athlonnú deonach a chur chun cinn.

**An domhan a dhéanamh níos sábháilte**

11. Leis na teannais gheopholaitiúla agus na bagairtí ilghnéitheacha ar chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach atá ar an saol anois, cuirfidh an tAontas feabhas ar a iarrachtaí **an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn** agus oibreoidh sé i gcomhar le comhpháirtithe eile chun luachanna bunúsacha a chumhdach agus acmhainneacht na Náisiún Aontaithe a sainordú a chomhlíonadh i ndáil leis sin a neartú. Tá sé tábhachtach freisin go méadófaí ar an gcomhordú le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais chomh maith. Is príomh-chomhpháirtí é an tAontas Afracach, agus leanfar de na hiarrachtaí chun tacú le tionscnaimh shíochána agus shlándála faoi stiúir na hAfraice agus leis an gcomhar tríthaobhach idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe a dhoimhniú.

12. Tá cur chun cinn córais dhomhanda le haghaidh **chearta an duine** i gcroílár thiomantas an Aontais an t-iltaobhachas agus ceannaireacht an Aontais a neartú chun tacú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire domhanda maidir le cearta an duine, comhionannas inscne agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint, agus seasfaidh sé i gcoinne aon iarracht ar chúlú ón bprionsabal gur cearta uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta uile an duine. I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus á aithint dúinn an tionchar díréireach ar mhná agus ar chailíní, athdhearbhaímid go gcaithfidh cearta an duine, lena n-áirítear lánteachtadh chearta an duine ag mná agus cailíní, a bheith i gcroílár ár bhfreagartha ar an bpaindéim. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineáil idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus don uile dhuine a bheith i dteideal réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh. Tabharfaimid tacaíocht do chur chun feidhme Ghlao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíocht maidir le Cearta an Duine agus déanfaimid gach dícheall cearta an duine a chur i gcorplár chlár oibre na Náisiún Aontaithe[2] trí chomhghuaillíochtaí a fhorbairt chun clár oibre coiteann a chur chun cinn a bheidh bunaithe ar an daonlathas, cearta an duine, comhionannas agus an smacht reachta. Leanfaidh an tAontas dá thacaíocht do mhaoiniú inbhuanaithe agus leordhóthanach cholún na Náisiún Aontaithe um chearta an duine.

13. Bainfidh an tAontas úsáid as gach uirlis atá ar fáil chun a ghealltanais i ndáil le cearta an duine a chomhlíonadh, lena n-áirítear faoi chuimse Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus aon fhóram ábhartha eile, i gcomhréir le Conradh an Aontais Eorpaigh agus Cairt na Náisiún Aontaithe. Leanfaimid de gach sárú ar chearta an duine a cháineadh cibé áit a dtarlaíonn siad agus molaimid rochtain neamhshrianta ar shásraí idirnáisiúnta chearta an duine, neartóimid cuntasacht agus sásraí ceartais idirnáisiúnta agus an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós. Leanfaidh an tAontas de bheith diongbháilte ina thacaíocht don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus tá sé tiomanta iomláine Reacht na Róimhe agus neamhspleáchas breithiúnach na Cúirte a chosaint. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de Coinbhinsiún nua um Chosc agus Pionósú Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna a mholadh.

---

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2021 an 22 Feabhra 2021 (6326/21).

14. Tráth a bhfuil srian mór ar an spás cathartha in a lán áiteanna ar fud an domhain, cuirfimid spás sábháilte oscailte chun cinn d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine chomh maith le hiriseoirí agus le hoibrithe na meán, lena n-áirítear a rannpháirtíocht i bpróisis na Náisiún Aontaithe, agus leanfaimid de bhagairtí, ionsaithe nó bearta díoltais ina gcoinne a cháineadh go géar.

15. Déanfaidh an tAontas cumhachtú agus rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn agus cuirfimid go mór agus go fuinniúil le hiarrachtaí idirnáisiúnta ar chomhionannas inscne a bhaint amach, chomh maith le lánteachtadh chearta an duine ag mná agus cailíní uile agus a gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta lena n-áirítear trí chur chun feidhme an chláir oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil a thabhairt ar aghaidh. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú ghné na hinscne a chur chun cinn agus tacóidh sé le beartais inscne-fhreagrúla i bhfóraim uile na Náisiún Aontaithe, agus i gceiliúradh Bhéising+25, lena n-áirítear Fóram Comhionannais na Glúine. Leanfaidh an tAontas de gach cineál foréigin gnéis agus foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh agus foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleachtaí, agus leanfaidh sé de dhéantóirí an fhoréigin a thabhairt chun cuntais, lena n-áirítear tríd an Meitheal Cairde atá faoi stiúir an Aontais chun an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíothú.

16. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, thairis sin, a riachtanaí atá rochtain uilíoch ar fhaisnéis chuimsitheach, inacmhainne, ardchaighdeáin faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.

17. Mar chomhpháirtí dílis de chuid na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas de bheith ag cloí le cur chuige comhtháite maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, ó choinbhleachtaí a chosc agus cothú na síochána go dtí an fhreagairt ar ghéarchéimeanna agus an chobhsaíocht, agus tacóidh sé leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeadh sos cogaidh domhanda ann. Agus an coincheap nua idirghabhála uaidh á chur chun feidhme aige chun tacú le freagairtí iltaobhacha ar ghéarchéimeanna, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth leis na Náisiúin Aontaithe chun tacú le hiarrachtaí idirghabhála na Náisiún Aontaithe. Mar chuid den obair leantach de thoradh Athbhreithniú 2020 ar an Ollstruchtúr um Chothú na Síochána, díreoidh an tAontas ar obair chothú na síochána a thabhairt níos gaire don réaltacht, cur chuige il-gheallsealbhóirí cuimsitheach a chur chun cinn agus oibreoidh sé i dtreo maoiniú níos intuartha agus níos inbhuanaithe do chothú na síochána, i gcomhar le comhpháirtithe. Cuirfidh an tAontas leis an tacaíocht a thugann sé do Chiste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána agus cuirfidh sé tionscnaimh chun cinn arb é is aidhm dóibh ranníocaíochtaí nithiúla a chur ar fáil do mhaoiniú inbhuanaithe do chothú na síochána. Glacfaidh an tAontas Eorpach páirt sa phlé ag an ócáid ardleibhéil atá beartaithe do 2022 maidir le maoiniú do chothú na síochána. Oibreoidh an tAontas freisin chun feabhas a chur ar an ról comhairleach atá ag Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chomh maith lena rannpháirtíocht féin leis an gcomhlacht sin. Leanfaidh an tAontas de chuimsiú na hóige a chur chun cinn i gcothú agus i gcoinneáil na síochána mar chuid den tacaíocht leanúnach a thugaimid don chlár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil.

18. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe mar fhreagairt ar choinbhleachtaí a dhéanann dochar do shibhialtaigh agus a chuireann slándáil agus cobhsaíocht dhomhanda i mbaol, chomh maith le seoladh na chéad chéime eile de thionscnamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Gníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta (A4P). Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an chomhthéacs dhomhanda atá ag athrú, neartóidh an tAontas a chomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe maidir leis **an tsíochánaíocht** agus maidir le **bainistiú géarchéime**, lena n-áirítear tríd an gcéad sraith eile de thosaíochtaí AE-NA a shainiú maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime do 2022-2024 agus trí Chreat AE-NA chun Tacaíocht Fhrithpháirteach a Sholáthar a chur chun feidhme go héifeachtach i gcomhthéacs a misean agus a n-oibríochtaí faoi seach. Tabharfar aird ar leith ar shineirgí a áirithiú agus ar chomhlántacht a fheabhsú idir misin na Náisiún Aontaithe agus misin agus oibríochtaí an Aontais agus ionstraimí ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus de chuid an Aontais chun an tionchar ar an láthair a fheabhsú, agus á chur i dtábhacht go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le comhordú i gcomhthéacsanna aistrithe. Díreoidh an tAontas i gcónaí agus go háirithe ar chomhar a neartú maidir leis na rioscaí slándála a bhaineann leis **an athrú aeráide** agus le díghrádú an chomhshaoil a chosc agus dul i ngleic leo, chomh maith le leanaí i gcoinbhleachtaí armtha a chosaint.

19. Leanfaidh an tAontas de chaomhnú timpeallachta spáis atá sábháilte slán inbhuanaithe agus úsáid shíochánta an chianspáis a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, saothróimid ár gcuid oibre ar chur chun feidhme agus ar fhorbairt bhreise na dtreoirlínte d'inbhuaine fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí cianspáis.

20. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhpháirtithe eile chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht dhomhanda, an antoisceachas foréigneach, an choireacht agus an chibearchoireacht eagraithe trasnáisiúnta, an gháinneáil ar dhaoine, an t-éilliú, an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cur chuige comhtháite ildisciplíneach a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar staid dhomhanda na ndrugaí.

21. Ina cháil mar cheann de na deontóirí daonnúla is mó ar domhan, déanfaidh an tAontas a chomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt a thuilleadh chun córas domhanda daonnúil níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach agus treiseoidh sé a thacaíocht ar son urraim do na prionsabail dhaonnúla arb iad an daonnacht, an neodracht, an neamhchlaontacht agus an neamhspleáchas[3]. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chosantóir glórach den dlí daonnúil idirnáisiúnta agus cuirfidh sé chun cinn rochtain shábháilte thapa gan bhac ar phobail atá buailte, seachadadh prionsabálta na cabhrach daonnúla, chomh maith le sábháilteacht, slándáil agus cosaint na sibhialtach, go háirithe mná agus leanaí, daoine faoi mhíchumas, agus oibrithe daonnúla agus leighis. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá córais smachtbhannaí láidre agus éifeachtacha sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Tá sé bunriachtanach an spás daonnúil a choimirciú trí bhearta iomchuí, lena n-áirítear trí eisceachtaí daonnúla a áireamh go comhsheasmhach, i gcás inarb ábhartha, ionas nach gcuirfear bac ar sheachadadh na cabhrach daonnúla.

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna an 20 Bealtaine 2021 (8966/21).

22. Tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá ann d'ollstruchtúr idirnáisiúnta **na dí-armála, an neamhleata** agus **an rialaithe arm** mar gheall ar an teannas geopholaitiúil agus ar phaindéim COVID-19. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun toradh rathúil a bhaint amach ar Dheichiú Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (NPT), chun seasamh le NPT agus é a neartú mar phríomhionstraim iltaobhach don tsíocháin, don tslándáil agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta, agus chun uiliú NPT agus a chur chun feidhme iomlán a chur chun cinn. Leanfar leis an tacaíocht a thugaimid d'obair na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW). Ní féidir glacadh le sárú an noirm dhomhanda i gcoinne airm cheimiceacha agus ní mór iad siúd atá freagrach as a n-úsáid a thabhairt chun cuntais. Tacaíonn an tAontas freisin le Sásra Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Imscrúdú ar Úsáid líomhnaithe Arm Ceimiceach agus Bitheolaíoch, mar phríomhchuid den ollstruchtúr neamhleata agus dí-armála. Díreofar i gcónaí go sonrach ar iompraíochtaí freagracha agus ar armrás sa chianspás a chosc. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit d'ionstraim dheonach a chur chun cinn chun an sprioc sin a bhaint amach, gan a chur as an áireamh go bhféadfadh ionstraim nua a bheith ann amach anseo a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí.

23. Rannchuideoidh an tAontas le rath na gcomhdhálacha athbhreithniúcháin a bheidh ann i ndáil leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), agus i ndáil leis an gCoinbhinsiún maidir le Gnáth-Arm Áirithe (CCW). Leanfaidh an tAontas de pháirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghrúpa Saineolaithe Rialtais chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gcóras arm uathrialaitheach marfach. Cothrom na bliana seo 25 bliana ó shin, glacadh an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT). Leanfaidh an tAontas de theacht i bhfeidhm agus uiliú CTBT a chur chun cinn, mar aon le cloí uilechoiteann leis an gConradh Trádála Arm (CTA) agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do sprioc dhaonnúil an Choinbhinsiúin maidir le Cnuasmhuinisin. Leanann an tAontas de mholadh do na Stáit uile glacadh le Cód Iompair na Háige in aghaidh leathadh diúracán balaistíoch chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú. Leanfaidh an tAontas d'úsáid fhreagrach mhíleata na nuatheicneolaíochtaí a mholadh agus de thacaíocht a thabhairt do Chlár Oibre Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-armáil, lena n-áirítear tús a chur láithreach le caibidlíocht maidir le conradh um ábhar inscoilte a thoirmeasc (FMCT) ag an gComhdháil um Dhí-armáil agus an obair leantach ar Sheachtú Cruinniú Débhliantúil na Stát maidir leis an gClár Oibre um Mionairm agus Armáin Éadroma.

24. Leanfaidh an tAontas de chur i bhfeidhm iomlán an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana sa chibearspás a chur chun cinn agus oibreoidh sé le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun coinbhleachtaí a chosc agus chun an comhar agus an chobhsaíocht a chur chun cinn tríd an gcreat normatach le haghaidh státiompar freagrach, trí bhearta cothaithe muiníne a chur chun feidhme agus trí thacaíocht d'fhothú cibear-acmhainneachta. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an tAontas de bhunú luath Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir Stát-Iompar Freagrach sa Chibearspás a chur chun cinn. Cuireann an tAontas i dtreis go dtacaíonn sé i gcónaí le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gCibearchoireacht mar chreat dlíthiúil iltaobhach cuimsitheach chun reachtaíocht náisiúnta agus comhar idirnáisiúnta a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcibearchoireacht agus cuireann sé i dtábhacht an chomhlántacht atá ann idir iarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus na hionstraimí idirnáisiúnta atá ann cheana sa réimse sin agus a thábhachtaí atá urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha. Cuireann an tAontas i dtreis gur leis an gcomhaontú maidir le módúlachtaí le haghaidh caibidlíocht a dhéanamh i ndáil le coinbhinsiún nua idirnáisiúnta chun cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críocha coiriúlachta, ní mór gur féidir próiseas trédhearcach agus rannpháirtíocht fhóinteach na bpáirtithe ábhartha uile a bheith ann agus comhsheasmhacht dhlíthiúil a áirithiú. Á aithint dó cineál idirnasctha casta an chibearspáis, leanfaidh an tAontas den chur chuige il-gheallsealbhóirí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin.

**An rás i gcoinne an athraithe aeráide a bhuachan agus ár gcaidreamh leis an dúlra a athbhunú**

25. Is bagairtí eiseacha don chine daonna iad **an t-athrú aeráide** agus **cailliúint na bithéagsúlachta**. Tá ag teipeadh fós ar ghníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide maidir lena bhfuil ag teastáil chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus Chlár Oibre 2030 a bhaint amach. Le géarchéim COVID-19, léiríodh gur gá gníomhú go práinneach agus go cinntitheach anois chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun ár gcaidreamh leis an dúlra a athbhunú, aghaidh a thabhairt freisin ar an dochar a dhéanann an truailliú do shochaithe agus an comhrac i gcoinne an dífhoraoisithe dhomhanda agus an ghanntanais uisce a threisiú. Tá dea-shampla á thabhairt ag an Aontas trí dhlús a chur lena ghealltanais intíre agus é mar chuspóir aige a bheith aeráidneodrach faoi 2050 agus trína bheith níos uaillmhianaí lena rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) 2030 faoi Chomhaontú Pháras, is é sin go mbeidh sé 55 % ar a laghad i gcomparáid le 1990, i gcomhréir leis an gcuspóir an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád faoi bhun 1.5 °C. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip straitéis fáis an Aontais, lena leagtar amach samhail d'fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena n-áirítear aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus do théarnamh glas domhanda nach bhfágann aon duine ar lár. Tá stiúradh sa treo cheart de dhíth ar ár sochaithe go práinneach, ionas gur féidir dlús suntasach a chur leis an aistriú chuig nialas glan agus go mbeidh sreafaí airgeadais ag teacht leis an mian sin.

26. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe uile, go háirithe leis na geilleagair mhóra uile, chun iad a spreagadh a bheith níos uaillmhianaí maidir lena spriocanna aeráide, cuspóirí Chomhaontú Pháras agus cuspóirí comhaontuithe eile comhshaoil a bhaint amach amhail an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi lár na haoise, chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus an triomach a chomhrac agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú faoi 2030[4]. Beidh Comhdháil 2021 na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (COP15), Comhdháil 2021 na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (COP15) agus an 26ú ceann de Chomhdhálacha Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) ríthábhachtach i ndáil leis sin. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile an uaillmhian, an tsoiléireacht, an trédhearcacht agus an tuiscint maidir lena rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a mhéadú, agus straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle a chur in iúl i bhfad roimh an 26ú ceann de Chomhdhálacha na bPáirtithe (COP26) i nGlaschú i Samhain 2021. Dearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go bhfuil siad tiomanta i gcónaí slógadh an mhaoiniúcháin idirnáisiúnta don aeráid a mhéadú a thuilleadh agus tathantaíonn siad ar gach tír forbartha agus ar pháirtithe eile a bhfuil sé ar a gcumas é a dhéanamh, a ranníocaíochtaí féin a mhéadú, á chur i dtreis an tábhacht a bhaineann le maoiniú méadaithe don oiriúnú.

27. Leanfaidh an tAontas freisin de thacaíocht a thabhairt do chuspóirí Dheich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras. Saothróidh an tAontas gníomhaíocht luathaithe i dtreo aistriú tapa fuinnimh ar fud an domhain agus i dtreo rochtain uilíoch ar fhuinneamh sábháilte, slán, inbhuanaithe agus inacmhainne ag Idirphlé Ardleibhéil NA maidir le Fuinneamh agus ina dhiaidh sin, agus leanfaidh sé d’aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh d’fhonn cuspóirí Chomhaontú Pháras agus Clár Oibre 2030 a bhaint amach. Ina theannta sin, tacóidh an tAontas le tionscnaimh a bhfuil sé d’aidhm acu cuidiú ar bhealach nithiúil leis na próisis sin, amhail an cruinniú Stockholm+50 de chuid na Náisiún Aontaithe atá beartaithe le bheith ar siúl tráth chomóradh 50 bliain na chéad chomhdhála de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhshaol daonna in 2022. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach sa phlé maidir le caidreamh an chine dhaonna leis an dúlra a athrú ó bhonn, modhanna cur chun feidhme a mhéadú agus dlús a chur leo, lena n-áirítear maoiniú a shlógadh, mar aon le téarnamh inbhuanaithe ó phaindéim COVID-19.

---

4 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh - dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an 25 Eanáir 2021 (5263/21).

28. Ag cur leis an bhfuinneamh a gríosaíodh de bharr Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht agus de bharr Ghealltanas na gCeannairí ar son an Dúlra, tabharfaidh an tAontas dea-shampla trí dhul i ngleic leis an ngéarchéim dhomhanda bithéagsúlachta agus trí Chreat nua uaillmhianach na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht Dhomhanda a fhorbairt ag Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht. Leanfaimid de chomhar idirnáisiúnta a neartú maidir le maoiniú atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go háirithe faoin Ardán Idirnáisiúnta um Maoiniú Inbhuanaithe, agus táimid tiomanta i gcónaí slógadh an mhaoiniúcháin idirnáisiúnta don chomhshaol a mhéadú. Tacóidh an tAontas le rochtain uilíoch ar uisce óil sábháilte agus ar shláintíocht leordhóthanach.

29. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh leis an ról lárnach atá ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) ina leagtar amach an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích, agus tá sé tiomanta i gcónaí do rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí sábháilte slána folláine táirgiúla a áirithiú ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a bheidh ann in 2022 agus ag fóraim ábhartha eile, go háirithe trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun a áirithiú go dtabharfar i gcrích ionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de faoi UNCLOS maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) a bhaint amach chomh maith le teacht ar chomhaontú domhanda maidir le truailliú na bplaisteach muirí.

**An clár oibre digiteach domhanda a mhúnlú**

30. Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua ar mhaithe le hathrú dearfach agus rialachas leordhóthanach a fhorbairt atá bunaithe ar chur chuige il-gheallsealbhóirí. Aithníonn an tAontas an méid a chuireann an digiteáil leis an bhforbairt inbhuanaithe agus ag an am céanna admhaíonn sé gur féidir leis an digiteáil na héagothromaíochtaí a bhí ann cheana a mhéadú mura dtugtar aghaidh orthu i gceart. Ag cur le fís an Aontais maidir le Deacáid Dhigiteach agus leis an tosaíocht atá aige é féin a chur in oiriúint don aois dhigiteach, stiúrfaimid iarrachtaí idirnáisiúnta chun domhan digiteach atá oscailte saor slán a thógáil, i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Tacóidh an tAontas freisin le tionscnaimh a dhéanfar faoi chuimsiú Shásra na Náisiún Aontaithe chun Teicneolaíocht a Éascú chun comhleanúnachas a neartú idir tionscnaimh eolaíochta agus teicneolaíochta agus chun dlús a chur le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

31. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar na dúshláin agus na deiseanna níos ginearálta a bhaineann leis an gclaochlú digiteach de thairbhe tionscnaimh chun an nascacht dhigiteach dhomhanda a mhéadú, scileanna digiteacha a fheabhsú, cur leis an acmhainn dhigiteach dhomhanda, agus an fhiontraíocht dhigiteach a chumasú, go háirithe i ndáil le tíortha i mbéal forbartha. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus dul i ngleic le héagothromaíochtaí digiteacha, go háirithe dóibh siúd nach féidir leo leas iomlán a bhaint as spás digiteach agus seirbhísí digiteacha atá saibhrithe inrochtana slán. Déanfaidh an tAontas a dhícheall freisin an chaibidlíocht idirnáisiúnta a mhúnlú agus a stiúradh trí chaighdeáin agus prionsabail dhomhanda uaillmhianacha a leagan síos, chomh maith le sásraí leordhóthanacha rialachais agus comhair don ré dhigiteach nua. Leanfaidh an tAontas de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil chun an clár oibre digiteach domhanda a mhúnlú agus de shúil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme Threochlár Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Chomhar Digiteach, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh comhghuaillíocht dhomhanda de chomhpháirtithe atá cosúil lena chéile a chruthú ar bhonn luachanna comhroinnte agus ar fhís choiteann de dhigitiú daonlathach duinelárnach atá bunaithe ar chearta an duine.

32. Leanfaidh an tAontas de chur chuige eiticiúil, duinelárnach a chur chun cinn lena n-áiritheofar go ndéanfar cearta an duine agus an smacht reatha a chur chun cinn agus a chosaint i bhforbairt agus in úsáid na hintleachta saorga, chomh maith le cóineasú i dtreo creataí nua-aimseartha maidir le cosaint sonraí pearsanta a mhéadú. Oibreoidh an tAontas freisin i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile chun idirlíon atá oscailte saor slán cobhsaí a áirithiú; príobháideachas agus sreafaí sonraí a chosaint; an fhuathchaint, ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar neamhdhleathach ar líne a chomhrac; mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac; cloí leis an tsamhail il-gheallsealbhóirí de rialachas idirlín atá oscailte cuimsitheach díláraithe; agus tacú le forbairt an airgeadais dhigitigh agus an ríomhrialtais.

**Comhpháirtíocht níos láidre idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe**

33. Agus an domhan ag síorathrú, is tábhachtaí anois ná riamh comhpháirtíocht láidir dhinimiciúil idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe mar fhóram riachtanach ar son comhar idirnáisiúnta agus mar bhunchloch an chórais iltaobhaigh. Féachfaidh sé lena chomhar leis na Náisiúin Aontaithe a threisiú trí Chruinniú Mullaigh rialta idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a bhunú. Tógfaimid comhpháirtíochtaí níos láidre, níos ilghnéithí agus níos cuimsithí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile – lena n-áirítear Ballstáit na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí réigiúnacha, an tsochaí shibhialta, an óige, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil – chun tacú lena nuachóiriú agus chun freagairtí domhanda ar dhúshláin an 21ú haois a mhúnlú. Leanfaidh an tAontas de bheith ina cheann feadhna ar iltaobhachas fíorchuimsitheach líonraithe agus cuirfidh sé ceannaireacht dhomhanda ar fáil d'fhonn domhan níos sábháilte, níos cobhsaí agus níos rathúla a bhaint amach do chách.